RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1610 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 738/2000 a mhéid a bhaineann le haicmiú feithicle a bhfuil gaireas ardaithe hiodrálach feistithe uirthi ar a bhfuil ardán oibre san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagail 57(4) agus 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 738/2000 ón gCoimisiún ([2]), maidir leis an mír a liostaítear i bpointe 5 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, feithicil ceithre roth a chumhachtaítear le mótar leictreach, a bhfuil gaireas ardaithe hiodrálach le géag theileascópach feistithe uirthi, ar airde uasta 15,5 m agus ag a bhfuil acmhainn ardaithe 227 kg, ar gaireas é atá suite go buan ar dhromchla réidh agus a bhfuil ardán oibre le ráille sábháilteachta feistithe air, rinneadh í a aicmiú faoin gcód 8428 90 90 san Ainmníocht Chomhcheangailte (AC), mar a dhéantar le hinnealra ardaithe eile.

(2) Ba é an chúis le haicmiú an ghairis ardaithe a eisiamh ón gceannteideal 8427 nach bhfuil sé oiriúnach chun earraí a iompar, toisc nár dearadh é ach chun earraí agus daoine a ardú. Mar sin féin, ní eisiatar ón gceannteideal 8427 earraí nár dearadh chun earraí a iompar. Thairis sin, de réir Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 8427, cuid (B), pointe (1), áirítear faoin gceannteideal 8427 trucailí ag a bhfuil ardáin ardaithe mheicniúil chun cáblaí leictreacha, córais soilsithe phoiblí, etc. a chothabháil.

(3) Le linn an 68ú seisiún dá chuid i mí Mheán Fómhair 2021, d'fhormheas an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim tuairim 8427.10/1 maidir le haicmiú, lena n-aicmítear táirge ar a dtugtar "Ardaitheoir Búm Altach Féinghluaiste", ar trucail oibre í ar bhunaonad a bhfuil rothaí faoi agus atá faoi thiomáint mótair leictrigh, le búm ardaithe hiodrálach altach a bhfuil ardán oibre (cás nó caighean) suite air. Tá luas uasta 5,2 km/h (fillte) agus 0,8 km/h (neamhfhillte), airde oibre uasta 15,7 m, ollmheáchan uasta 6 500 kg agus acmhainn ardáin 227 kg ag an ardaitheoir sin. Dearadh é chun cuidiú le hoibrí oibriú in airde. Aicmíodh é faoin bhfo-cheannteideal 8427 10 de chuid an Chórais Chomhchuibhithe agus, de réir a shaintréithe oibiachtúla, comhfhreagraíonn sé don Chód AC 8427 10 10, mar thrucailí féinghluaiste faoi thiomáint mótair leictrigh, a bhfuil airde ardaithe 1 m nó níos mó acu.

(4) I bhfianaise shaintréithe comhionanna nó an-chosúil an táirge leis an earra a dtugtar tuairisc air i bpointe 5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 738/2000, níl aicmiú taraife an earra, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, i gcomhréir le tuairim 8427.10/1 maidir le haicmiú.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 738/2000 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2000 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO L 87, 8.4.2000, lch. 10).

(5) De bhua Chinneadh 87/369/CEE ón gComhairle ([3]), is páirtí conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, arna dhréachtú ag Comhairle um Chomhar Custaim na hEagraíochta Domhanda Custaim. Is ionstraimí treorach le haghaidh bhearta taraife an Aontais iad tuairimí maidir le rangú arna bhformheas ag an gCoiste um an gCóras Comhchuibhithe.

(6) D'fhonn aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ós rud é go bhfuil tuairim 8427.10/1 maidir le haicmiú i gcomhréir le foclaíocht an cheannteidil 8427 de chuid an Chórais Chomhchuibhithe agus an fho-cheannteidil 8427 10, is gá pointe 5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 738/2000 a scriosadh.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 738/2000 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 738/2000, scriostar an ró a chomhfhreagraíonn do phointe 5 den tábla agus léaráid C.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Gerassimos THOMAS
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

([3]) Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).